



# Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe Baile

Tá deontas Rialtais ar fáil a chlúdaíonn **100% de chostais faoi bhun €5,000** le píobáin uisce óil atá déanta as luaidhe a athsholáthar laistigh de theorainneacha do thalún



Luaidhe



Copar



Prás

## An bhfuil do shláinte i mbaol de bharr píobáin luaidhe i do theach?

- Tá fianaise ann go bhfuil luaidhe baolach don tsláinte
- Miotal atá ann a bhíodh in úsáid i bpíobáin agus i bpluiméireacht i roinnt tithe a tógadh suas go dtí, agus le linn, na 1970idí
- Má tá cónaí ort i dteach níos sine, tá sé tábhachtach seiceáil an bhfuil píobáin luaidhe i do theach
- De réir chomhairle na **hEagraíocht Domhanda Sláinte** agus **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** tá fianaise ann nach bhfuil a leithéid agus leibhéal sláintiúil luaidhe in uisce óil ann
- Is í an tslí is fearr le do theagmháil le luaidhe in uisce óil ná **píobáin luaidhe a athsholáthar**



## Cé mhéad cúnamh airgeadais atá ar fáil dom?

- Tá **100% de chostas faofa** na hoibre ar fáil, faoi réir uasmhéid €5,000
- **Ní dhéantar** tástáil achmhainne
- Tá an deontas ar fáil má fhaigheann tú d'uisce ó sholáthraí uisce poiblí nó príobháideach

## Conas gur féidir liom éileamh a dhéanamh?

- Is iad na húdaráis áitiúla a thugann an deontas amach
- Déan teagmháil leis an údarás áitiúil le foirm éilimh **SDLLB 1a** a fháil
- Le sonraí na n-údarás áitiúil a fháil, **cliceáil anseo**

## An custaiméir de chuid Uisce Éireann tú?

- Más custaiméir de chuid Uisce Éireann tú tá seans ann chomh maith go bhfuil tú i dteideal a **Scéim Roghnach um Athsholáthar Píobáin Luaidhe**
- Tá sé de sprioc ag an scéim seo athsholáthar a dhéanamh ar pháibáin luaidhe ar an taobh poiblí de do thalamh
- • Le tuilleadh eolais a fháil, **cliceáil anseo**

